C/2026/2777

19.5.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/2777)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Penedès'

Uimhir thagartha AE: PDO-ES-A1551-AM06 — 20.2.2026

1. **Ainm an táirge**

'Penedès'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíon

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Spáinn

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bhia. Ard-Stiúrthóireacht um Bia. Fo-Ardstiúrthóireacht um Rialú Cáilíochta Bia agus um Shaotharlanna Agraibhia.

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Measann an t-údarás inniúil gur leasú caighdeánach é an leasú sin ar shonraíocht táirge an ATFC 'Penedès'; ní féidir é a mheas mar leasú ar leibhéal an Aontais ós rud é nach gcomhfhreagraíonn sé d'aon cheann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 maidir le tásca geografacha. Go sonrach: ní dhéantar athrú leis ar ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach; níl an baol dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní; níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Athrú ar an teorainn maidir le neart alcóil iarbhír íosta.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Tuairisc

Laghdaíodh neart alcóil iarbhír íosta na bhfíonta dearga ó 11,5 % go 11 %.

Leasaíodh pointe 2.1.1 den tsonraíocht táirge agus pointe 6 den doiciméad aonair dá réir.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Fíon orgánach

Tuairisc

Cuireadh ceanglas isteach nach mór gach fíon i gcatagóirí 1, 3, 8 agus 16 (fíon, fíon licéir, fíon leathshúilíneach agus fíon ó fhíonchaora ró-aibí) a dhéantar as fíonchaora a buanadh in 2025 agus sna blianta ina dhiaidh sin a dheimhniú mar fhíonta orgánacha.

Cuireadh ceanglas isteach nach mór fíonchaora a buanadh in 2025 agus sna blianta ina dhiaidh sin a dheimhniú mar fhíonchaora orgánacha.

Bhí feidhm ag na ceanglais sin cheana féin maidir le fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán (catagóir 5).

Leasaíodh pointí 2.1.1, 2.1.3, 2.1.4, 2.1.5 agus 5.1 den tsonraíocht táirge agus pointe 7.1 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Cineál nua fíona licéir a thabhairt isteach

Tuairisc

Tugadh fíon milis Malvasia de Sitges isteach mar chineál nua fíona licéir.

Baineann an leasú sin le pointe 2.1.4 den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Athruithe ar aigéadacht luaineach

Tuairisc

Tugadh isteach uasteorainn aigéadachta luainí 1,08 g/l le haghaidh fíonta geala agus *rosé* a choiptear nó a aosaítear i mbairillí adhmaid sa bhliain chéanna.

Maidir le fíonta a bhfuil cion iomlán dé-ocsaíde sulfair faoi bhun 40 mg/l iontu, tugadh isteach uasteorainn luaineachta aigéadaí iarbhír, i.e. 1,08 g/l i gcás fíonta geala agus *rosé*, agus 1,2 g/l i gcás fíonta dearga.

Leasaíodh pointe 2.1.6 den tsonraíocht táirge agus pointe 6 den doiciméad aonair dá réir.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Athruithe ar an tuairisc orgánaileipteach

Tuairisc

Cuireadh feabhas ar an tuairisc orgánaileipteach ar chineálacha éagsúla fíona.

Leasaíodh pointe 2.2 den tsonraíocht táirge agus pointe 6 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Eisceachtaí áirithe maidir leis na cineálacha Forcada agus Moneu a scriosadh

Tuairisc

Ar bhonn a bhfeidhmíochta táirgiúla le blianta beaga anuas, tá na cineálacha Forcada agus Moneu cosúil leis na cineálacha eile i dtéarmaí treorú fíniúnacha, táirgeachta agus cineál buainte.

Scriosadh an ceanglas nach bhféadfaí ach na modhanna traidisiúnta treoraithe cuachphrúnála nó leath-chuachphrúnála a úsáid chun fíniúnacha de na cineálacha sin a cuireadh tar éis an 1 Lúnasa 2019 a fhás. Cuireadh isteach freisin nach mór fíonchaora de na cineálacha sin a dheimhniú mar fhíonchaora orgánacha, toisc go bhfuil feidhm ag an gceanglas a thugtar isteach sa leasú seo ar an tsonraíocht táirge maidir le gach cineál. Scriosadh an ceanglas faoinar ghá na cineálacha sin a bhuain de láimh, mar aon lena dtáirgeacht níos ísle in aghaidh an heicteáir i gcomparáid leis na cineálacha eile.

Leasaíodh pointí 3.1, 3.2 agus 5.1 den tsonraíocht táirge agus pointe 7 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Críochú aonad geografach níos lú

Tuairisc

Leasaíodh an roinn maidir leis an nasc a mhéid a bhaineann le liosta na ndáileachtaí talún atá sna haonaid gheografacha níos lú. Is é is cúis leis an leasú sin, tar éis staidéar teicniúil, go ndearnadh athruithe beaga ar na teorainneacha idir aonaid gheografacha níos lú Alts d'Ancosa agus Costers del Montmell, agus Marina del Garraf agus Massís del Garraf.

Leasaíodh pointe 4.2 den tsonraíocht agus pointe 9 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Athruithe ar na rialacha maidir le lipéadú

Tuairisc

Athraíodh an abairt 'Ní mór an fhoclaíocht "Denominación de Origen" [Ainmniúchán Tionscnaimh] a bheith níos lú ná 1,2 mm ar airde' go 'Ní mór (...) a bheith 1,2 mm ar airde ar a laghad'.

Cuireadh isteach, i gcás ina bhfuil moirtiúlacht ag táirgí nó ina mbaineann siad leis na catagóirí fíona, fíona licéir nó fíona ó fhíonchaora ró-aibí, nach mór é sin a shonrú ar an lipéadú.

Maidir le fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán, ní fhéadfar ach na cineálacha fíniúna seo a leanas a lua ar an bpríomhlipéad: Macabeo, Xarel·lo, Parellada, Subirat Parent, Garnacha blanca, Moscatel de Alejandría, Moscatel de grano menudo, Malvasia de Sitges, Chardonnay, Garnacha tinta, Sumoi tinto, Cariñena, Pinot noir, agus Xarel·lo rosado. Ní cheadaítear cineálacha eile a lua ar an lipéad deimhniúcháin a thuilleadh.

Scriosadh an ceanglas faoinar ghá an tagairt don aonad geografach níos lú a chur in aice leis an ainm 'Penedès'.

Is é an ceanglas anois tagairt a dhéanamh do na cineálacha seo a leanas mar chineálacha sonracha nó príomhchineálacha (a d'fhéadfadh a bheith ar an bpríomhlipéad fíona ó aonad geografach níos lú dá bhrí sin): Sumoll Blanco, Xarel·lo Rosado, Forcada agus Moneu.

Cuireadh ceanglais nua isteach maidir le húsáid an téarma 'Gran Vino de Mas', a mhéid a bhaineann leis na cineálacha is féidir a úsáid.

Leasaíodh pointí 8.7.1, 8.7.2 agus 8.7.3 den tsonraíocht táirge agus pointe 11 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíonta

‘Penedès’

Uimhir thagartha AE: PDO-ES-A1551-AM06 — 20.2.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Penedès’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Spáinn

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d’Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon
3. Fíon licéir
5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán
8. Fíon leathshúilíneach
16. Fíon ó fhíonchaora ró-aibí

6. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

Táirge fíniúna

FÍON - Fíon geal agus fíon *rosé*

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma

FÍON GEAL

Dath buí, idir buí éadrom agus buí dorcha. Más ann d’aon mhodarthacht, ní mór é a shonrú ar an lipéad. I gcás fíon a tháirgtear agus an modh ‘*dulce de frío*’ [oighearfhíon] á úsáid: dath ómra, órga nó donndearg.

FÍON *ROSÉ*

Bíonn dath dearg idir bándearg éadrom agus caordhearg air. Más ann d’aon mhodarthacht, ní mór é a shonrú ar an lipéad. Ní ann d’aon mhodarthacht; glé agus lonrach.

Dea-bholadh

FÍON GEAL

Dea-bholaithe príomha torthaí bána agus trópaiceacha. Má coimeádadh an fíon i mbairille, beidh dea-bholaithe torthaí aibí agus treasacha air.

Bolaithe d'aosú agus den tréimhse a chaith sé i mbairillí. Gan drochbholaithe ná lochtanna.

FÍON *ROSÉ*

Dea-bholadh torthaíoch torthaí dearga. Gan drochbholaithe ná lochtanna.

Blas

FÍON GEAL

Torthaíoch. Blas beagáinín aigéadach, mín agus úr. Bolaithe d'aosú, i gcás inarb ábhartha. Gan lochtanna.

FÍON *ROSÉ*

Blas torthaíoch, beagán aigéadach, mín agus úr. Gan lochtanna.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	9,5
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	11,67
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iarbhír de réir toirte fíona a tháirgtear trí úsáid a bhaint as modh 'dulce de frío' [oighearfhíon]: > 9,5 % de réir toirte

Aigéadacht luaineach:

Fíonta a aosaítear ar feadh níos mó ná bliain amháin agus fíonta a choiptear nó a aosaítear i mbairillí adhmaid laistigh den bhliain chéanna: < 18 meq/l.

Le haghaidh fíonta ag a bhfuil leibhéil iomlána dé-ocsaíde sulfair faoi bhun 40 mg/l: < 18 meq/l.

Fíon a tháirgtear trí úsáid a bhaint as modh 'dulce de frío' [oighearfhíon]: < 33,33 meq/l.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

FÍON — Fíon dearg

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath an ghairnéid i gcás fíonta óga. Dath dearg scothdhonn le haghaidh na bhfíonta aosaithe. Más ann d'aon mhodarthacht, ní mór é a shonrú ar an lipéad. I gcás fíon a tháirgtear agus an modh '*dulce de frío*' [oighearfhíon] á úsáid: dearg.

Dea-bholadh

Dea-bholadh torthaí dearga agus/nó foraoise. Gan drochbholaithe ná lochtanna.

Blas

Blas torthaíoch, beagán aigéadach, mín, agus mionbhlasanna aosaithe, más infheidhme. Gan lochtanna.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	11
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	11,67
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iarbhír de réir toirte fíona a tháirgtear trí úsáid a bhaint as modh ‘dulce de frío’ [oighearfhíon]: > 9,5 % de réir toirte

Aigéadacht luaineach:

Fíonta a aosaítear ar feadh níos mó ná bliain amháin agus fíonta a choiptear nó a aosaítear i mbairillí adhmaid laistigh den bhliain chéanna: < 20 meq/l.

Le haghaidh fíonta ag a bhfuil leibhéil iomlána dé-ocsaíde sulfair faoi bhun 40 mg/l: < 20 meq/l.

Fíon a tháirgtear trí úsáid a bhaint as modh ‘dulce de frío’ [oighearfhíon]: < 33,33 meq/l.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

FÍON LICÉIR

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma

Buí, ómra, órga, dearg, donndearg. Más ann d’aon mhodarthacht, ní mór é a shonrú ar an lipéad.

Dea-bholadh

Dea-bholaithe torthaí criostalaithe, atá sonrach don chineál. Bolaithe aosaithe, má tá tréimhse caite ag an bhfíon i mbairillí. Gan drochbholaithe ná lochtanna.

Blas

Blas torthaíoch, beagán aigéadach, te agus olartha.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	15
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	33,33
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

—

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

FÍON SÚILÍNEACH AR ARDCHAIGHDEÁN

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath idir buí agus dearg éadrom, gan dath ómra ná caordhearg a bheith air. Tá broidearnach leanúnach aige, gan bheith corraitheach. Ní ann d'aon mhodarthacht; glé agus lonrach.

Dea-bholadh

Dea-bholaithe príomha, torthaí bána nó torthaí trópaiceacha. Gan drochbholaithe ná lochtanna.

Blas

Blas torthaíoch, beagán aigéadach, mín, agus mionbhlasanna aosaithe, más infheidhme. Gan lochtanna.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	11
Aigéadacht iomlán íosta:	5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	13,33
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	185

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

—

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

FÍON LEATHSHÚILÍNEACH

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath buí éadrom nó bándearg éadrom, agus broidearnach leanúnach aige, gan bheith corraitheach. Ní ann d'aon mhodarthacht; glé agus lonrach.

Dea-bholadh

Dea-bholaithe príomha, torthaí bána nó torthaí trópaiceacha. Gan drochbholaithe ná lochtanna.

Blas

Blas torthaíoch, beagán aigéadach, mín, agus mionbhlasanna aosaithe, más infheidhme. Gan lochtanna.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	9,5
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

—

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

FÍON Ó FHÍONCHAORA RÓ-AIBÍ

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma

Buí, ómra, órga, dearg nó donndearg. Ní ann d'aon mhodarthacht; glé agus lonrach. Más ann d'aon mhodarthacht, ní mór é a shonrú ar an lipéad.

Dea-bholadh

Dea-bholaithe torthaí aibí nó criostalaithe, atá sonrach don chineál. Gan drochbholaithe ná lochtanna.

Blas

Blas torthaíoch, beagáinín aigéadach, olartha te agus gan fabhtanna.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	12
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	33,33
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

—

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtais fhíoneolaíocha

—

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Srian ábhartha ar fhíonóireacht

Tuairisc

Ní fhéadfar uisciú a dhéanamh ach d'fhonn feabhas a chur ar cháilíocht na fíonchaoire i dtosca nach bhféadfaí an leibhéal cáilíochta is fearr a bhaint amach mar gheall ar an soláthar uisce chuig na dáileachtaí talún agus ar dhálaí comhshaoil na fíniúna, rud a chiallaíonn gur gá a áirithiú go bhfuil an táirgeadh agus na torthaí a fhaightear i gcomhréir le forálacha na sonraíochta seo. Má mheasann comhlacht bainistíochta an Ainmniúcháin Tionscnaimh go ndéantar dochar don cháilíocht leis an gcleachtas sin nó go bhféadfar na rialacha a shárú leis, féadfaidh sé an cleachtas sin a thoirmeasc i ndáileacht talún shonrach. Féadfar na dáileachtaí fíniúna a athchothromú i dtéarmaí soláthair uisce, i gcomhréir le tosca taise na hithreach agus le dálaí comhshaoil an fhíonghoirt. Ní fhéadfaí uisciú a údarú in aon chás i ndiaidh aibiú na bhfíonchaor.

Ní mór fíonchaora a bhuantar in 2025 agus sna blianta ina dhiaidh sin a dheimhniú mar fhíonchaora orgánacha.

Cleachtais fhíoneolaíocha

—

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc

Ní mór an toradh úsctha a bheith níos airde ná 66,6 lítear fíona le haghaidh cineálacha geala agus 70 lítear fíona le haghaidh cineálacha dearga, in aghaidh gach 100 kg a bhuantar.

Ní mór na fíonta uile a dhéantar as fíonchaora a bhuantar in 2025 agus sna blianta ina dhiaidh sin a dheimhniú mar fhíonchaora orgánacha.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Cineálacha geala agus fíon súilíneach ar ardchaighdeán

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht	12 000
Uastáirgeacht in aghaidh an aonaid:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Cineálacha geala agus fíon súilíneach ar ardchaighdeán

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht	79,92
Uastáirgeacht in aghaidh an aonaid:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

'Vino de Mas' agus 'Gran Vino de Mas', cineálacha geala agus fíon súilíneach ar ardchaighdeán

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht	10 200
Uastáirgeacht in aghaidh an aonaid:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

'Vino de Mas' agus 'Gran Vino de Mas', cineálacha geala agus fíon súilíneach ar ardchaighdeán

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht	67,93
Uastáirgeacht in aghaidh an aonaid:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Cineálacha fíniúna deirge

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht	9 000
Uastáirgeacht in aghaidh an aonaid:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Cineálacha fíniúna deirge

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht	63
Uastáirgeacht in aghaidh an aonaid:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

'Vino de Mas' agus 'Gran Vino de Mas', cineálacha dearga

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht	7 650
Uastáirgeacht in aghaidh an aonaid:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

'Vino de Mas' agus 'Gran Vino de Mas', cineálacha dearga

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht	53,55
Uastáirgeacht in aghaidh an aonaid:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— AGUDELO — CHENIN BLANC

— ALARIJE — SUBIRANT PARENT

— CABERNET FRANC

— CABERNET SAUVIGNON

— CHARDONNAY

— FORCADA

— GARNACHA BLANCA

— GARNACHA TINTA

— GEWÜRZTRAMINER

— MACABEO — VIURA

— MALVASIA AROMÁTICA — MALVASÍA SITGES

— MAZUELA — SAMSÓ

— MERLOT

— MERSEGUERA — SUMOLL BLANCO

— MONASTRELL

— MONEU

— MOSCATEL DE ALEJANDRÍA

— MOSCATEL DE GRANO MENUDO

— PARELLADA

— PETIT VERDOT

— PINOT NOIR

— RIESLING

— SAUVIGNON BLANC

— SUMOLL TINTO

— SYRAH

— TEMPRANILLO — ULL DE LLEBRE

— VIOGNIER

— XARELLO

— XARELLO ROSADO

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach sainithe**

Tá na bardais seo a leanas i gCúige Barcelona agus Tarragona sa limistéar táirgeachta, mar a chuirtear in iúl thíos:

Abrera (1)

Aiguamúrcia (2)

Albinyana (2)

L'Arboç (2)

Avinyonet del Penedès (1)

Banyeres del Penedès (2)

Begues (1)

Bellvei (2)

La Bisbal del Penedès (2)

Bonastre (2)

Les Cabanyes (1)

Calafell (2)

Canyelles (1)

Cabrera d'Igualada (1)

Castellet i la Gornal (1)

Castellví de la Marca (1)

Castellví de Rosanes (1)

Cervelló (1)

Corbera de Llobregat (1)

Cubelles (1)

Cunit (2)

Font-rubí (1)

Gelida (1)

La Granada (1)

Els Hostalets de Pierola (1)

La Llacuna (1)

Llorenç del Penedès (2)

Martorell (1)

Masquefa (1)

Mediona (1)

Montmell (2)

Olèrdola (1)

Olesa de Bonesvalls (1)

Olivella (1)

Pacs del Penedès (1)

Piera (1)

El Pla del Penedès (1)

Pontons (1)

Puigdàlber (1)

Sant Cugat Sesgarrigues (1)

Sant Esteve Sesrovires (1)

Sant Jaume dels Domenys (2)

Sant Llorenç d'Hortons (1)

Sant Martí Sarroca (1)

Sant Pere de Ribes (1)

Sant Pere de Riudebitlles (1)

Sant Quintí de Mediona (1)

Sant Sadurní d'Anoia (1)

Santa Fe del Penedès (1)

Santa Margarida i els Monjos (1)

Santa Maria de Miralles (1)

Santa Oliva (2)

Sitges (1)

Subirats (1)

Torrelavit (1)

Torrelles de Foix (1)

Vallirana (1)

El Vendrell (2)

Vilafranca del Penedès (1)

Vilanova i la Geltrú (1)

Vilobí del Penedès (1)

(1) Cúige Barcelona

(2) Cúige Tarragona

Ag brath ar thionscnamh na bhfíonchaor, féadfaidh fíonlanna rogha a dhéanamh na haonaid gheografacha níos lú breise/roghnacha seo a leanas a áireamh ar an lipéadú:

Alts d'Ancosa

Conca del Foix

Costers de l'Anoia

Costers de Lavernó

Costers del Montmell

Marina del Garraf

Massís del Garraf

Muntanyes d'Ordal

Turons de Vilafrana

Vall Bitlles-Anoia

Féach ar an nasc a leanas chun liosta a fháil de na dáileachtaí talún a áirítear sna haonaid gheografacha níos lú a luaitear thuas:

https://incavi.gencat.cat/ca/normativa/plecs-condicions-do-catalanes/do-penedes/

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Catagóir an táirge fíniúna

1. Fíon

Achoimre ar an nasc

Tá cáil ar fhíonta geala Penedès mar thoradh ar an mblas úr, aigéadach agus torthaíoch atá orthu mar thoradh ar an gcineál ithreach agus ar an aeráid uathúil. Tá an toisc dhaonna, i.e. na daoine a oibríonn ar na fíonghoirt, ar cheann de na cúiseanna nach bhfuil fíonta a dhéantar as na cineálacha céanna i limistéir eile inchomparáide. Ní féidir le cineálacha geala Penedès an aibiú optamach is gá a bhaint amach chun na fíonta sin a dhéanamh ach amháin i réigiún Penedès. Is é is cúis leis sin meascán uathúil an réigiúin d'ithir, aeráid agus cleachtais fhíoneolaíocha. Tá cáil ar fhíonta *rosé* ó réigiún Penedès as a ndath, a ndea-bholadh agus a dtorthaíocht, ar saintréithe iad, a bhuí leis an ithir agus leis an aeráid, de na cineálacha a úsáidtear chun na fíonta sin a tháirgeadh. Cuireann an obair a dhéanann daoine a thugann aire do na fíniúnacha agus do na fíonlanna leis na saintréithe uathúla sin atá ag fíonta *rosé* 'Penedès' freisin. Is saintréithe de na fíonta dearga ó réigiún Penedès iad an struchtúr agus an tathag, na hantóiciaininí, na tainniní míne atá iontu, agus thar aon ní eile, an dea-bholadh dian, an blas fada agus an t-iarbhlas a bhaineann leo. Cuirtear le haibiú maith mar thoradh ar an idirghníomhú idir an aeráid agus an ithir i réigiún Penedès. Bíonn tionchar ag an difríocht idir teocht an lae agus teocht na hoíche le linn mhí Iúil agus mhí Lúnasa freisin. Mar thoradh ar na tosca sin in éineacht lena chéile, bíonn cion ard antóiciaininí agus tainniní i bhfíonchaora dearga a fhástar i réigiún Penedès agus iad aibí, agus bíonn siad lán le dea-bholaithe torthaí dearga freisin. Fágann sé sin nach féidir na fíonta dearga a tháirgtear i réigiún Penedès a dhéanamh aon áit eile.

Catagóir an táirge fíniúna

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

Achoimre ar an nasc

Tá fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán ar a bhfuil an ATFC 'Penedès' uathúil agus an-éagsúil leis na fíonta a tháirgtear i limistéir eile. Tá an difríocht sin mar thoradh, i páirt, ar na cineálacha, ach thar aon ní eile, mar thoradh ar an aeráid, ar an ngrian agus ar na modhanna táirgthe a úsáidtear sa chéad agus sa dara coipeadh. Ní féidir na fíonta súilíneacha sin a dhéanamh i limistéir eile.

Catagóir an táirge fíniúna

8. Fíon leathshúilíneach

Achoimre ar an nasc

Is fíonta traidisiúnta iad fíonta leath-súilíneacha i réigiún Penedès. Tá na fíonta sin oiriúnaithe go han-mhaith do chineálacha an réigiúin agus dá aeráid agus dá ithir.

Catagóir an táirge fíniúna

3. Fíon licéir

Achoimre ar an nasc

Fágann aeráid réigiún Penedès, in éineacht leis an gcineál ithreach agus na cineálacha fíniúna, gur féidir úrfhíon fíonchaor aibí a úsáid chun fíonta licéir a dhéanamh. Leis an aosú a bhaineann leis an modh sin agus leis na dálaí aeráide ag an bhfíonghort, is féidir fíonta milse, séimhe, aosaithe a dhéanamh i gcás ina gcaomhnaítear blas na dtorthaí aibí agus na dea-bholaithe is gnách don phróiseas aosaithe.

Catagóir an táirge fíniúna

16. Fíon ó fhíonchaora ró-aibí

Achoimre ar an nasc

Is féidir leis na fíonchaora a bheith ró-aibí mar gheall ar aeráid réigiún Penedès, an cineál ithreach agus na cineálacha fíniúna, agus iarracht ó dhaoine, agus déantar fíonta uathúla ag a bhfuil saintréithe galánta mar thoradh air sin.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

PACÁISTIÚ LASMUIGH DEN LIMISTÉAR CRÍOCHAITHE

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais/an mhaolaithe breise

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach sainithe

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Ní mór an pacáistiú a dhéanamh laistigh den limistéar táirgeachta amháin le haghaidh fíonta ar a bhfuil an ATFC 'Penedès'. Ní mór é sin a dhéanamh toisc nach féidir fíonta a tháirgtear ar an mórchóir a iompar thar achair fhada agus a áirithiú san am céanna go gcoinnítear cáilíocht agus saintréithe na bhfíonta ag a bhfuil an ATFC. Tráth a chuirtear i mbuidéil iad, coinnítear na saintréithe agus an cháilíocht a bhaineann leo, gnéithe a bhfuil meas ag tomhaltóirí orthu. Is í sin an fáth nach mór an buidéalú a dhéanamh faoi na dálaí cearta.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

LIPÉADÚ

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais/an mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Ní mór na carachtair a úsáidtear chun 'Penedès' a chur in iúl a bheith idir 3 mm (ar a laghad) agus 7 mm (ar a mhéad) in airde. Ní mór an fhoclaíocht 'Denominación de Origen' [Ainmniúchán Tionscnaimh] a bheith 1,2 mm ar airde ar a laghad.

Go ginearálta, i gcás ina bhfuil foclaíocht éigeantach ar chúl an bhuidéil (ar an lipéad ar a dtugtar 'an lipéad deimhniúchán'), lena n-áirítear an fhoclaíocht 'PENEDÈS Denominación de Origen' [Ainmniúchán Tionscnaimh PENEDÈS], ar an lipéad príomha in éineacht leis an trádmharc, ní mór an t-ainm 'PENEDÈS' a bheith ann i litreoireacht atá idir 3 mm agus 7 mm ar airde.

I gcás ina n-úsáidtear an marc cigireachta dronuilleogach ag a bhfuil na toisí oifigiúla (60 x 13 mm) agus lena n-áirítear na focail 'Penedès Denominación de Origin', tarscaoiltear an ceanglas chun an t-ainm 'Penedès' a bheith ar an bpríomhlipéad. Beidh na marcanna cigireachta éagsúil le haghaidh fíonta ar a bhfuil na téarmaí 'Vino de Mas' agus 'Gran Vino de Mas'.

Má tá an fhoclaíocht éigeantach grúpáilte le chéile ar an lipéad in éineacht leis an trádmharc agus leis an bhfoclaíocht 'PENEDÈS Denominación de Origen' [Ainmniúchán Tionscnaimh PENEDÈS], níl sé éigeantach an focal 'Penedès' a áireamh ar an lipéad deimhniúcháin.

Is féidir faisnéis maidir leis an méid seo a leanas a bheith ar na lipéid: na cineálacha (ní féidir ach roinnt cineálacha a lua ar an bpríomhlipéad, i gcás fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán), an bhliain fíona agus an téarma 'Vino de Finca' [Fíon ó eastát], faoi réir coinníollacha áirithe.

Ní mór an méid seo a leanas a bheith ar na lipéid: sonraí an duine a rinne an fíon a bhuidéalú/an onnmhaireora, neart alcóil iarbhír, má tá suilfítí ann, cláruimhir an duine a rinne an fíon a bhuidéalú, an bhliain fíona agus an dáta dímhoirtithe i gcás fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán, an uimhir baisce, 'Vino de Mas' nó 'Gran Vino de Mas' (chun tosaigh ar an lipéad agus an bhliain fíona á lua), 'Classic Penedès' (faoi réir coinníollacha lena úsáid) agus na focail 'No degollado' [gan a bheith dímhoirtithe] (i gcás fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán a dhéantar de réir an mhodha thraidisiúnta agus faoi réir coinníollacha áirithe). I gcás ina bhfuil moirtiúlacht ag táirgí nó ina mbaineann siad leis na catagóirí fíona, fíona licéir nó fíona ó fhíonchaora ró-aibí, ní mór é sin a shonrú ar an lipéadú.

Tá cnuasach mór rialacha ann maidir leis na coinníollacha faoina n-úsáidtear na haonaid gheografacha níos lú agus na téarmaí 'Vino de Mas' agus 'Gran Vino de Mas'.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://incavi.gencat.cat/.content/005-normativa/plecs-condicions-do-catalanes/Arxius-plecs/01.-Plec-de-condicions-ctrol-canvis_penedes.pdf